CAIBIDIL 2

PLEAN STRAITÉISEACH 2006–2008

Tá na tosaíochtaí straitéiseacha a aithnítear sa Phlean Straitéiseach 2006–2008 bunaithe ar fheidhmeanna reachtúla an Choimisiúin Meabhair-Shláinte mar a shonraítear san Acht Meabhair-Shláinte 2001 iad agus is coinbhinsiúin chearta daonna idirnáisiúnta atá mar fhoinse eolais dóibh. Tógann siad ar an gcéad Phlean Straitéiseach don Choimisiún, a bhí ann le linn na tréimhse 2004–2005. Leagann an plean straitéiseach amach treo agus béim an Choimisiúin Meabhair-Shláinte.

Is iad na cúig thosaíocht straitéiseach a aithníodh sa phlean 2006–2008:

Tosaíocht Straitéiseach Uimhir a hAon

Cur chun cinn, forbairt agus measúnú a dhéanamh chun ardchaighdeáin cúraim agus cóir leighis a chur i bhfeidhm laistigh de na seirbhísí meabhair-shláinte.

Tosaíocht Straitéiseach Uimhir a Dó

Cearta agus leasanna is fearr na ndaoine atá ag baint úsáide as seirbhísí meabhair-shláinte a chur chun cinn agus a chosaint mar a sainmhínítear san Acht Meabhair-Shláinte 2001 iad.

Tosaíocht Straitéiseach Uimhir a Trí

Faisnéis, eolas agus taighde ar sheirbhísí meabhair-shláinte agus idirghabhálacha maidir le cóir leighis a chur chun cinn agus a fheabhsú.

Tosaíocht Straitéiseach Uimhir a Ceathair

Tacú le daoine a bhfuil nó a raibh meabhair-ghalar orthu a chuimsiú agus a bheith rannpháirteach sa sochaí.

Tosaíocht Straitéiseach Uimhir a Cúig

Córais agus cumas na heagraíochta a choinneáil agus a fheabhsú le cinntiú go gcuireann an Coimisiúin Meabhair-Shláinte seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil

TREOIRPHRIONSABAIL AGUS LUACHANNA AN CHOIMISIÚIN MEABHAIR-SHLÁINTE

Is iad treoirphrionsabail agus luachanna lárnacha eagraíochta a rialaíonn a héiteas agus a cultúr. Faigheann an Coimisiún treoir ar leith sna prionsabail a léirítear sa:

- An tAcht Meabhair-Shláinte 2001
- An Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint
- An Coinbhinsiún Eorpach chun Céastóireacht agus Íde nó Pionós atá Mídhaonna nó Táireach a Chosc
- Dearbhú Uile-choiteann Cearta an Duine na Náisiún Aontaithe
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Dhaoine faoi Mhíchumas
- Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla
- Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíoch, Sóisialta agus Cultúrtha.
- Prionsabail na Náisiún Aontaithe chun Daoine a bhfuil Meabhairghalar orthu a Chosaint agus chun Cúram Meabhair-Shláinte a Fheabhsú
- Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003
- An tAcht um Míchumas 2005
- Na Achtanna um Stádas Comhionann 2000 – 2004
- An tAcht um Chúram Leanaí 1991
- Acht na Leanaí 2001

Luachanna:

Freagracht agus Ionracas: Tá an Coimisiún tiomanta na luachanna seo a léiriú trí oibriú le hionracas agus ar bhealach trédhearcach i gcónaí.

Dínit agus Meas: Tá meas ag an gCoimisiún ar dhínit na ndaoine atá i dteagmháil linn agus freagraíonn sé le cuirtéis agus comaoin.

Rúndacht: Tugann an Coimisiún geallúint faisnéis rúnda agus phearsanta a láimhseáil leis an leibhéal gairmiúlachta is airde agus gach cúram a thógáil gan faisnéis a scaoileadh nó a nochtadh taobh amuigh den mhéid is go mbíonn sin riachtanach chun ár riachtanais dlíthiúla agus gairmiúla a chomhlíonadh.

Cumhachtú: Aithníonn an Coimisiún go mbaintear cumhachtú amach trí faisnéis, oiliúint agus oideachas a sholáthar ar bhealach inrochtana.

Caighdeán: Tá an Coimisiún tiomanta iarracht a dhéanamh feabhsú leanúnach caighdeáin a bhaint amach ina chuid gníomhaíochtaí ar fad.

Rudaí a Bhaint Amach le Chéile: Tá an Coimisiún tiomanta comhoibriú a dhéanamh chun feabhsuithe a bhaint amach le comhpháirtíocht, comhairliúchán agus obair foirne leanúnach.